



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Meán Fómhair 2020
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0267 (COD)

11055/20
ADD 2

EF 232
ECOFIN 850
CODEC 874
IA 65

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	24 Meán Fómhair 2020
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2020) 202 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas píolótach le haghaidh bonneagair mhargaidh atá bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dátilte

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2020) 202 final.

Faoi iamh: SWD(2020) 202 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.9.2020
SWD(2020) 202 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ
TIONCHAIR**

a ghabhann leis an doiciméad

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
maidir le córas píolótach le haghaidh bonneagair mhargaidh atá bunaithe ar
theicneolaíocht mórleabhar dáilte**

{COM(2020) 594 final} - {SEC(2020) 308 final} - {SWD(2020) 201 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin
Measúnú tionchair ar chreat AE maidir le criptea-shócmhainní
A. An gá atá le beart
Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?
Is cineál sócmhainní digiteacha iad criptea-shócmhainní a bhraitheann go príomha ar chriptagrafaíocht agus ar theicneolaíocht mórleabhar dailte (DLT)¹. Is féidir le criptea-shócmhainní cáiliú mar ionstraimí airgeadais faoin Treoir Maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais – MiFID II nó mar ‘ríomh-airgead’ faoin Treoir um Airgead Leictreonach – EMD2), cé nach mbíonn an chuid is mó díobh faoi scáth raon feidhme rialachán airgeadais AE.
I gcás nach gclúdaítear criptea-shócmhainní le rialachán airgeadais AE, fágann an easpa rialacha is infheidhme do sheirbhísí a bhaineann leis na sócmhainní sin (amhail malartuithe, ardáin trádála, soláthraithe coimeádta tiachóg) go mbíonn tomhaltóirí agus infheisteoirí ar neamhchosaint ar rioscaí suntasacha. Tá riosca mór ann do shláine an mhargaidh (e.g. cúbláil an mhargaidh) i margadh tánaisteach na gcriptea-shócmhainní. Tá rialacha curtha i bhfeidhm ag roinnt de na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta do gach ceann – nó fothacar – de na criptea-shócmhainní nach bhfuil faoi scáth rialachán reatha an Aontais. Eascraíonn ilroinnt rialála amach as seo, rud a dhéanann saobhadh ar iomaíochas sa Mhargadh Aonair, a fhágann gur deacra do soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a ngníomhaíochtaí trasteorann agus a dtagann arbatráiste rialála as. Cé go bhfuil margadh na gcriptea-shócmhainní beag go fóill agus nach baol faoi láthair don chobhsaíocht airgeadais é, tá méadú leanúnach ag teacht ar an bhforiomlán trádála laethúil. Is féidir le dúshlán bhreise a bheith ag baint le ‘cripteamhona cobhsaí’ mar a thugtar orthu (fothacar criptea-shócmhainní a bhfuil tréithe acu lena ndéantar a bpraghas a chobhsú) má ghlacann tomhaltóirí go forleathan leo (e.g. cobhsaíocht airgeadais agus ceannasacht airgeadaíochta). Chun arbatráiste rialála a sheachaint agus le cosaint leormhaith do thomhaltóirí a áirithiú, ba cheart go mbeadh láimhseáil rialála na ‘cripteamhonaí cobhsaí’ sin ag brath ar a ndearadh sonracha. In éagmais creat AE do chriptea-shócmhainní, cuirfidh easpa muinín úsáideoirí i gcriptea-shócmhainní isteach ar fhorbairt an mhargaidh seo, rud a fhágann go gcailltear deiseanna i dtéarmaí ionstraimí íocaíochta tapa, neamhchostasach agus éifeachtúil nó foinsí nua maoinithe do chomhlachtaí de chuid an Aontais.
I gcás ina gclúdaítear criptea-shócmhainní le reachtaíocht an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais, tá easpa deimhneachta dlíthiúla maidir leis an mbealach a chuirtear i bhfeidhm rialachán airgeadais AE atá ann cheana (e.g. Rialachán Réamheolaire, MiFID II agus Taisc Lárnacha Slándála). Cuireann sé seo le heisiúintí fánacha ceadchomhartha urrúis a bheith sa bhunmhargadh, agus cuireann sé srian leis an úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as DLT i margaí airgeadais, rud is léir ón easpa bonneagar margaí DLT-bhunaithe (amhail ionaid trádála nó taisclanna lárnacha slándála) lena gcumasaítear trádáil chóid urrúis agus socraíocht idirbheart.
Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?
Is é cuspóir foriomlán an tionscnaimh soiléireacht a sholáthar maidir le hinfeidhmeacht rialáil airgeadais an Aontais Eorpaigh do chriptea-shócmhainní (agus gníomhaíochtaí lena mbaineann). Ba cheart go dtacódh an tionscnamh le nuálaíocht agus le hiomaíochas cothrom trí chreat a chruthú d’eisiúint agus do sholáthar na seirbhísí a bhaineann le criptea-shócmhainní. Ba cheart go ndéanfaidh sé ardleibhéal cosaint tomhaltóirí agus infheisteoirí agus sláine an mhargaidh sna margaí criptea-shócmhainní a áirithiú. Ba cheart go dtabharfaidh sé aghaidh ar chobhsaíocht airgeadais agus ar an mbaol do bheartas airgeadaíochta a d’fhéadfadh eascairt as úsáid leathan criptea-shócmhainní agus réitigh sna margaí airgeadais a bhunófar ar DLT.
Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais?
Maidir le criptea-shócmhainní nach gclúdaítear le rialáil airgeadais an Aontais, leagfaí le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh an bhunchloch óna bhféadfaí forbairt a dhéanamh ar mhargadh trasteorann níos mó d’eisitheoirí criptea-shócmhainne agus do sholáthraithe seirbhíse, leas a bhaint ar an tslí sin as buntáistí iomlána an Mhargaidh Aonair. Leis seo, thiofadh laghdú mór ar an gcastacht agus ar ualaigh airgeadais agus riaracháin do gach páirtí leasmhar. Bheadh buntáistí soiléire ag baint le ceanglais oibríochtúla chomh maith leis

¹ Is bealach é DLT le faisnéis a shábháil trí mhórleabhar dailte, i.e. athchóip dhigiteach de shonraí ar a bhfuil teacht ó shuímh éagsúla. Tá DLT bunaithe ar chóras cripteagrafach: eochracha poiblí, a bhfuil cur amach ag an bpobal orthu agus atá bunriachtanach le haghaidh sainaitheantais agus eochracha príobháideacha, a choimeádtar faoi rún agus a úsáidtear don tsainaitheantais agus don chriptiú.

na ceanglais nochta ar eisitheoirí a chomhchuihbhiú i dtéarmaí cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais.

Do chriptea-shócmhainní a chlúdaítear le rialáil reatha an Aontais Eorpaigh, le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chuirfí feabhas ar dheimhneacht dhlíthiúil, ar an mbealach sin á chur ar chumas gníomhaíochtaí a bhaineann leis na sócmhainní sin leathnú amach ar fud an Mhargaidh Aonair. Leis seo, rachfaí i ngleic leis an mbaol a chruthaítear leis an mboilsciú ar threoraíocht agus ar léirmhíniú ar an leibhéal náisiúnta as a n-eascaíonn ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh agus saobhadh ar iomaíocht.

B. Réitigh

Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha tosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?

Do chriptea-shócmhainní nach gclúdaítear le rialáil airgeadais an Aontais Eorpaigh, ní dhearnadh ach dhá rogha a mheas: Córas saor-rogha AE agus córas lán-chomhchuihbhithe d'eisitheoirí criptea-shócmhainne agus do sholáthraithe seirbhíse a bhainfeadh leas as pas an Aontais chun a ngníomhaíochtaí a leathnú amach thar an teorainn. Cé go bhféadfadh an chéad rogha ualach níos lú a chur ar eisitheoirí beaga agus ar sholáthraithe seirbhíse ar féidir leo cinneadh gan a bheith páirteach, d'áiríteofaí leis an dara rogha leibhéal níos airde deimhneachta dlíthiúla, cosaint infheisteoirí, sláine an mhargaidh, agus cobhsaíocht airgeadais agus laghdódh sé ilroinnt an mhargaidh ar fud an Mhargaidh Aonair. Dá bhrí sin, is é an dara rogha an rogha tosaíochta.

Maidir le criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais MiFID II (i.e. cóid urrúis), rinneadh trí rogha a mheas: 1) bearta neamhreachtacha; lena ndéantar treoraíocht a sholáthar maidir le cé acu an mbaineann reachtaíocht atá ann cheana le criptea-shócmhainní agus bealach ina mbaineann sé leis; 2) athruithe spriocdhírthe ar an reachtaíocht lena mbaintear forálacha atá ina mbac ar eisiúint, ar thrádáil agus ar iarthrádail chóid urrúis agus ar réitigh a bhunófar ar DLT a úsáid; agus 3) córas nua (le haghaidh tréimhse trí bliana) lena gcruthófar bonneagar nua margaidh DLT lena gcumasófar trádáil agus/nó socraíocht chóid urrúis. Cé go gcuideodh bearta boga dlí le soiléiriú a thabhairt ar chur i bhfeidhm dlí an Aontais Eorpaigh ar chóid urrúis agus gníomhaíochtaí lena mbaineann, ní féidir leo bacainní dlí atá neadaithe i reachtaíocht atá ann cheana a bhaint. Le leasuithe reachtacha spriocdhírthe déantar deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar agus bacainní dlí a bhaint, ach ní chuirfí i bhfeidhm iad ach i líon beag réimsí teoranta a aithníodh mar chuid de mheasúnaithe a rinneadh le déanaí. Cé gur féidir leis an tríú rogha creat turgnamhach soiléir a sholáthar do thrádáil agus/nó do shocraíocht chóid urrúis, d'fhéadfadh deireadh teacht leis na buntáistí sin mura ndéantar an córas turgnamhach a leathnú amach tar éis na tréimhse trí bliana. De bharr go gcuireann na roghanna seo lena chéile, is é an cur chuige is fearr leanúint ar aghaidh go cáiréiseach le meascán de na trí rogha. Bheadh sé comhsheasmhach leis an ngá a bhaineann le cur chuige rialála céimseach i gcomhthéacs margaidh nach bhfuil i bhfad ar an bhfód agus an difir mhóir idir líonraí neamhcheadaithe agus ceadaithe i gcás inar rialú láraithe roinnt den rialú atá ann.

Maidir le 'cripteamhonaí cobhsaí', bheartaigh seirbhísí an Choimisiúin ar thrí rogha: 1) bearta reachtacha nua maidir le heisitheoirí 'cripteamhonaí cobhsaí'; 2) 'cripteamhonaí cobhsaí' a rialú faoi EMD2, mar go bhfuil roinnt 'cripteamhonaí cobhsaí' ann atá gar do shainmhíniú an ríomh-airgid agus a úsáidtear mar ionstraimí íocaíochta; 3) bearta a fhéachann le heisiúintí agus le seirbhísí a bhaineann le 'cripteamhonaí cobhsaí' san Aontas Eorpach (go háirithe má chomhlíonann siad creataí atá ann cheana). Trí chur chuige dian rioscabhunaithe a leanúint, thabharfadh an chéad rogha aghaidh ar leochaileachtaí sa chobhsaíocht airgeadais, ag tacú leis an nuálaíocht ag an am céanna. Os a choinne sin, d'fhéadfadh sé nach dtabharfadh an dara ná an tríú rogha aghaidh ar an mbaol suntasach do chosaint tomhaltóirí go leormhaith (mar shampla, an baol a thagann chun cinn le soláthraithe tiachóg). Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go bhfágfaí le rogha 3 nach dtabharfaí aghaidh ar roinnt den bhaol don chobhsaíocht airgeadais, má bhaineann tomhaltóirí an Aontais Eorpaigh leas forleathan as 'cripteamhonaí cobhsaí' a eisíodh i dtríú tíortha. Dá bhrí sin, is é an rogha is fearr maidir le 'cripteamhonaí cobhsaí' meascán de rogha 1 agus de rogha 2.

Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo?

Maidir le criptea-shócmhainní nach gclúdaítear le rialáil airgeadais an Aontais Eorpaigh, bhí tromlach mór de na freagróirí (68 %) ó chomhairliúchán poiblí an Choimisiúin den tuairim go gceadófaí d'éiceachóras inbhuanaithe criptea-shócmhainní san Aontas Eorpach le córas nua an Aontais Eorpaigh do chriptea-shócmhainní. Maidir le criptea-shócmhainní atá incháilithe mar ionstraimí airgeadais, leag tromlach na bhfreagróirí béim ar an ngá le cur chuige coiteann an Aontais nuair a cháilíonn criptea-shócmhainn mar ionstraim airgeadais. Bhí tromlach na bhfreagróirí i bhfabhar cur chuige rialála de réir a chéile, lena ndéanfar soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar ar dtús maidir leis an leas a bhaintear as DLT ceadaithe (i.e. nach gceadaítear ach comhaltaí cláraithe) i limistéir trádála

agus iarthrádála seachas freastal ar líonraí neamhcheadaithe (ina bhféadfadh aon eintiteas páirt a ghlacadh gan clárú) mar go bhfuil na DLTanna sin go fóill ar chéim na luathfhorbartha. Ar cheist na 'cripteamhonaí cobhsaí' agus 'cripteamhonaí cobhsaí' domhanda, bhí tromlach na bhfreagróirí i bhfabhar roinnt ceanglas a chur ar na heisitheoirí agus/nó ar bhainisteoirí an chúlchiste. Mheas mionlach páirtithe leasmhara gurb é leathnú amach EMD2 an cur chuige rialála is iomchuí.

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cad iad tairbhí na rogha tosaíochta?

Ar an gcéad dul síos, beidh na criptea-shócmhainní in ann forbairt a dhéanamh, mar mhodhanna tapa agus saora íocaíochta ar féidir leo dul san íocaíocht, go háirithe d'idirbhearta trasteorann, le hionstraimí íocaíochta atá ann cheana. Bheadh tábhacht ar leith leis na coigealtais chostais i limistéar na n-íocaíochtaí. Bunaithe ar mheastacháin, d'fhéadfadh laghdúithe idir €220 agus €570 milliún in aghaidh na bliana a bheith ann. Rannchuideoidh sin le feabhas a chur ar chuimsiú airgeadais laistigh den Aontas Eorpach. Ar an dara dul síos, leis an gcreat seo cuirfear ar chumas corparáidí an Aontais laistigh den Aontas Eorpach eisiúintí criptea-shócmhainne agus eisiúintí ceadchomhartha urrúis a ghlacadh, mar uirlis mhaoinithe comhlántach do chorparáidí an Aontais, lena n-áirítear SMEanna. Ar an tríú dul síos, dhéanfaí rialacha cosaint tomhaltóirí a shíneadh ionsorthu agus dhéanfaí sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht a áirithiú, ach córas nua a chruthú do chriptea-shócmhainní nach ionstraimí airgeadais iad. Leis na roghanna tosaíochta, cuirfear le cuspóirí Aontas na Margaí Caipitil, trí fhoinsí maoiniúcháin cuideachtaí de chuid an Aontais a éagsúlú ó iasachtaí bainc. Ní féidir meastachán a dhéanamh ar chistí breise foriomlána arna soláthar trí eisiúintí criptea-shócmhainne mar go mbraitheann sé seo ar ghnéithe seachtracha éagsúla (amhail an gá a bhíonn ag eisitheoirí le maoiniúchán, meon reatha an mhargaidh agus frithghníomh íomáíoch bealaí eile cistiúcháin). Mar sin féin, meastar go mbeidh na costais mhaoiniúcháin a bhainfidh le heisiúintí criptea-shócmhainne 20-40% níos ísle ná tairiscintí tosaigh don phobal le haghaidh urrúis thraidisiúnta atá thart faoin méid céanna. Ar an tríú dul síos, ba chóir go mbeadh tionchar dearfach leis an rogha tosaíochta ar thrádáil agus ar iarthrádail ceadchomharthaí urrúis, trí shoiléireacht dhlíthiúil a chur ar fáil maidir leis an mbealach inarb infheidhme an reachtaíocht atá ann cheana, le bacainní reachtacha a bhaint agus le creat éifeachtach a chruthú ar bhonneagair mhargaidh DLT. Measadh gur €540 milliún sa bhliain de ghnóthacháin éifeachtúlachta a bheidh mar thoradh ar úsáid fhorleathan DLT agus ceadchomhartha urrúis i margaí cothromas airgid thirim an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, thar cheisteanna rialála, beidh úsáid iomlán ceadchomharthaí urrúis agus DLT ar fud an tslabhra trádála agus iarthrádála ag brath freisin ar réiteach fadhbanna teicniúla (amhail inscálaitheacht agus idir-inoibritheacht líonraí éagsúla DLT). Dá bhrí sin, ní bheidh sna bearta atá beartaithe ach céim i dtreo na ngnóthachán éifeachtúlachta a bhaint amach sa mheántearma agus san fhadtéarma trí nuálaíocht a éascú agus trí nós imeachta an Aontais um shocrú caighdeán de réir a chéile a chumasú.

Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann díobh, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?

Leis na roghanna tosaíochta cuirfear costais chomhlíontachta ar eisitheoirí 'cripteamhonaí cobhsaí' chomh maith le soláthraithe seirbhísí a bhaineann le criptea-shócmhainní nach dtagann faoi rialáil airgeadais an Aontais Eorpaigh. Meastar go mbeidh cur i bhfeidhm an chórais nua atá beartaithe do sholáthraí seirbhísí criptea-shócmhainní nach bhfuil rialáilte ina chúis le costais chomhlíontachta aonuaire sa réimse idir €2.8 – 16.5 agus costais chomhlíontachta leanúnacha idir €2.2 – 24 milliún, de réir líon na n-eintiteas a bheidh ag iarraidh údarú. Le soiléireachtaí dlíthiúla agus seoladh an chórais phíolótaigh ceadchomharthaí urrúis, ní chuirfear ach costais chomhlíontachta bheaga amháin ar ionaid thrádála a roghnaíonn na ceadchomharthaí seo a liostú. Táthar ag súil le go mbeidh costais an údaráithe agus na comhlíontachta leanúnaí do bhonneagar margaidh DLT nua mórán mar an gcéanna lena mbíonn i gceist i gcás saoráidí trádála iltaobhacha arna údarú ag MiFID II. Ní fhéadfaí meastúchán a dhéanamh ar na costais a ghearrtar ar eisitheoirí cripteamhonaí cobhsaí domhanda i bhfianaise nach ann do cheadchomhartha den sórt sin ar mhargadh an lae inniu. Beidh ar eisitheoirí criptea-shócmhainní atá lasmuigh den imlíne rialála reatha doiciméad faisnéise a fhoilsiú. Meastar go mbeidh na costais fhoriomlána (lena n-áirítear táillí dlí) idir €35 000 – 75 000 in aghaidh na heisiúna, lena n-áirítear costais dlí agus costais eile is féidir a bheith ann.

Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?

Ba cheart go mbeadh tionchar dearfach ar an iomlán ag na roghanna tosaíochta ar SMEanna. Ba cheart dóibh foinse maoiniúcháin neamhbhainc a mhéadú do SMEanna, trí thairiscintí tosaigh bonn (ICOanna) agus tairiscintí ceadchomharthaí urrúis (STOanna) a fhorbairt. Is féidir le ICOanna deis a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta méideanna suntasacha maoiniúcháin a ardú ar chéim na luathfhorbartha, a mbainfeadh coigealtais chostais leo i gcomparáid le IPOanna. Ba cheart go mbeadh costais mhaoiniúcháin na gcriptea-shócmhainní faoin gcóras 20-40% níos ísle ná tairiscintí tosaigh don phobal atá thart faoin méid céanna.

Chuirfeadh an rogha tosaíochta roinnt costas comhlíontachta freisin ar eisitheoir FBM criptea-shócmhainní, costais a mheastar a bheith timpeall €35,000 in aghaidh na heisiúna.

An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

Chuirfeadh na roghanna tosaíochta roinnt costas maoirseachta ar Údaráis Náisiúnta Inniúla (NCAanna) na mBallstát. Bheadh costais aonuaire a meastar a bheith isteach agus amach le €140,000 agus costais leanúnacha a meastar a bheith idir €350,000 agus €500,000 in aghaidh na bliana mar thoradh ar mhaoirseacht na n-eisitheoirí criptea-shócmhainní agus na soláthraithe seirbhíse faoi réir na gceanglas nua. Chuirfeadh bonneagar mhargadh nua DLT costais freisin ar NCAanna a meastar é a bheith idir €150,000 agus 250,000 in aghaidh na bliana. Is deacair na costais a bhaineann le maoirseacht na n-eisitheoirí ‘cripteamhona cobhsaí’ a mheas ag an staid seo, mar go mbeidh siad ag brath ar na samhlacha gnó atá i gceist. Cúiteofar go páirteach na costais seo leis na táillí a ghearrtar ar eintitis faoi mhaoirseacht na NCAanna.

An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?

Chothódh na roghanna tosaíochta iomaíochas an Aontais Eorpaigh, trína chur ar chumas iontrálaithe nua sa mhargadh bonneagair mhargaidh a bhunófar ar DLT a fhorbairt chun trádáil agus/nó socrú ceadchomharthaí urrúis a théann san iomaíocht le bonneagair sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Leis an gcóras píolótach maidir le bonneagar margaidh DLT, cuirfear ar chumas rannpháirtithe sa mhargadh freisin dul san iomaíocht le heintitis arna mbunú i dtríú tíortha a bhfuil córas fabhrach nua curtha i bhfeidhm acu do ghlacadh DLT. Ba cheart go gcuirfeadh an rogha tosaíochta teorainn leis an tionchar diúltach ar an gcomhshaol. Baineann earnáil thraidisiúnta an airgeadais leas as DLT a bhunófar ar chead den chuid is mó. Thairis sin, tá roinnt DLT neamhcheadaithe a úsáidtear do roinnt eisiúintí criptea-shócmhainne ag beartú ar aistriú a dhéanamh chuig sásraí comhthola éagsúla (lena gceadaítear do bhailíochtú idirbheart ar DLT) ar lú go mór an méid fuinnimh a bheidh de dhíth orthu.

D. Iarobair

Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar thionchar na rogha tosaíochta agus déanfaidh sé measúnú ar pé acu an mbeidh siad éifeachtach nó nach mbeidh agus na cuspóirí atá leagtha síos á mbaint amach acu (feabhas a chur ar dheimhneacht dhlíthiúil, cosaint tomhaltóirí, sláine an mhargaidh, cobhsaíocht airgeadais agus tacaíocht don nuálaíocht a áirithiú) ar bhonn liosta táscairí beachta.